Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

Stampa an Ionaid

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2014

Gaeilge Gnáthleibhéal

Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

Dé Luain
9 Meitheamh
Tráthnóna, 2.00 go dtí 3.50

Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

Don Scrúdaitheoir	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

Cuid I: Cluastuiscint

(60 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cén stáisiún raidió atá luaite san fhógra?	
Cén Ollscoil atá ag lorg rúnaí?	
Cé mhéad lá de laethanta saoire a bheidh le fáil?	
Cén uimhir theileafóin atá ag an Ollscoil?	

FÓGRA A DÓ

1. **(a)** Cathain a thosóidh Sceideal Spóirt an tSamhraidh ar TG4?

_____

(b) Cén t-ainm a bheidh ar an gclár speisialta a chraolfar ar leathuair tar éis a sé?

_____

2. **(a)** Cén comórtas a imreofar in Wimbledon?

_____

(b) Cén t-am a thosóidh an craoladh beo as Wimbledon gach lá?

_____

Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cén scrúdú cainte a bhí ag Áine inniu?

_____

2. Luaigh rud **amháin** a deir Áine faoin scrúdaitheoir.

_____

An Dara Mír

1. Cathain a bheidh iPad ag na daltaí sa chéad bhliain i scoil Áine?

_____

2. Cad atá le críochnú ag Pól roimh an lá amárach?

_____

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cathain a bhí Oíche na nGradam ar siúl sa scoil?

_____

2. Cén post a bhí ag Seán ar Chomhairle na Mac Léinn?

_____

An Dara Mír

1. Cén lá a bhíodh an lón sláintiúil acu sa cheaintín?

_____

2. Cad a tugadh do gach scoláire sular imíodar ar saoire don samhradh?

_____

Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cé mhéad bliain atá Raidió na Life ar an aer?

_____

2. Scríobh síos saghas **amháin** cláir a chraoltar ar Raidió na Life.

_____

PÍOSA A DÓ

1. Cá fhad a chaithfidh na mic léinn ar na hOileáin Fhilipíneacha?

_____

2. Cé mhéad airgid atá le tabhairt acu don obair thógála?

_____

Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

A – GIOTA LEANÚNACH / BLAG – (50 marc)

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) An tír is fearr liom.

(ii) Mo chairde.

(iii) Is aoibhinn liom an ceol.

B – SCÉAL – (50 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***thús*** leis.

(i) Bhí mé féin agus mo chara ag siúl sna sléibhte. Go tobann, thit ceo trom timpeall orainn. Bhíomar i dtrioblóid …

nó

(ii) Bhí mé amuigh ag rith. Bhuail mé le mo chara. Bhí fearg an domhain air / uirthi …

C – LITIR / RÍOMHPHOST – (50 marc)

(i) Bhí tú ar fhoireann na scoile a bhuaigh cluiche mór le déanaí.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoin gcluiche **agus** faoin gcóisir (faoin bhféasta) a bhí agaibh i ndiaidh an chluiche.

nó

(ii) Tá an Ardteistiméireacht críochnaithe agat agus tá tú ag fágáil na scoile.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig an bpríomhoide ag gabháil buíochais leis / léi **agus** ag déanamh cur síos ar an am a chaith tú sa scoil.

D – COMHRÁ – (50 marc)

(i) Ceapann do thuismitheoirí go gcaitheann tú an iomarca ama ar Facebook.
Tá siad míshásta leat mar níl tú ag déanamh staidéir don Ardteistiméireacht.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoi sin.

nó

(ii) Bhí tú féin agus do chara ag comhrá le chéile faoi chlár teilifíse.
Thaitin an clár teilifíse leat ach níor thaitin sé le do chara.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoi sin.

Leathanach Bán